Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 3 Meitheamh 2022
(OR. en)

9806/22

LIMITE

JUR 376
ENER 272
CLIMA 256
ENV 565

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2021/0423(COD)**

PUBLIC

**TUAIRIM ÓN tSEIRBHÍS DLÍ**[1]

| | |
|---|---|
| ó: | An tSeirbhís Dlí |
| Ábhar: | Togra le haghaidh Rialachán maidir le laghdú ar astaíochtaí meatáin in earnáil an fhuinnimh agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/942 – Bunús dlí iomchuí |

## I. RÉAMHRÁ

1. Ag cruinniú a bhí ag an Meitheal um Fhuinneamh an 28 Aibreán 2022, d'iarr roinnt toscaireachtaí an iomchuí agus an leor Airteagal 194 (2) CFAE, an bunús dlí a mhol an Coimisiún le haghaidh Rialachán maidir le laghdú ar astaíochtaí meatáin in earnáil an fhuinnimh[2] (an Rialachán atá beartaithe), agus na gnéithe láidre comhshaoil á gcur san áireamh, nó an mbeadh Airteagal 192(1) CFAE, an bunús dlí comhshaoil, níos iomchuí. Atáirgtear sa nóta seo idirghabháil ó bhéal ionadaí Sheirbhís Dlí na Comhairle.

[1] Sa doiciméad seo, tá comhairle dlí atá faoi chosaint le hAirteagal 4(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2001 maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún, agus gan a bheith curtha ar fáil ag Comhairle an Aontais Eorpaigh don phobal. Forchoimeádann an Chomhairle na cearta uile atá aici sa dlí maidir leis an doiciméad a fhoilsiú gan údarú.

[2] 15063 2021 REV 1, 15063 2021 REV1 COR1, 15063 2021 ADD1, 15063 2021 ADD2, 15063 2021 ADD3

2. De réir an chásdlí sheanbhunaithe, ní ar thuiscint na hinstitiúide maidir leis an gcuspóir atáthar a shaothrú a bhraitheann an bunús dlí a bhíonn le gníomh de chuid an Aontais; ní mór an bunús dlí a chinneadh de réir critéir oibiachtúla atá in-athbhreithnithe go breithiúnach, lena n-áirítear, go háirithe, aidhm agus inneachar an bhirt[3]. I gcás ina léirítear le scrúdú a dhéantar ar bheart go bhfuil dhá chuspóir á saothrú leis nó go bhfuil dhá chomhpháirt aige agus má bhíonn ceann amháin díobh sin inaitheanta mar phríomhchuspóir nó mar phríomh-chomhpháirt an bhirt, cé nach mbíonn sa cheann eile ach cuspóir teagmhasach nó comhpháirt theagmhasach, ní mór an beart sin a bheith bunaithe ar bhunús aonair dlí, eadhon an bunús sin a cheanglaítear leis an bpríomhchuspóir nó leis an bpríomh-chomhpháirt[4]. Ar bhonn eisceachtúil amháin, má shuitear go bhfuil roinnt cuspóirí á saothrú leis an ngníomh go comhuaineach, agus dlúthbhaint eatarthu, gan ceann amháin acu a bheith tánaisteach ná neamhdhíreach i ndáil leis an gceann eile, féadfar gníomh den sórt sin a bhunú ar na bunúis dlí chomhfhreagracha éagsúla, ach amháin má fhorordaítear leis na bunúis dlí[5] sin nósanna imeachta atá ag teacht salach ar a chéile[6].

## II. AIDHM AGUS INNEACHAR AN RIALACHÁIN ATÁ BEARTAITHE

3. A mhéid a bhaineann le haidhm an Rialacháin atá beartaithe, leagtar amach sa mheabhrán míniúcháin an comhthéacs ina mínítear an méid seo a leanas '[c]*uireann an togra le Plean um Sprioc Aeráide 2030 an Aontais agus lena mheasúnú tionchair. Léiríodh sa Phlean um Sprioc Aeráide, ar bhonn na gcásanna samhaltaithe, gurb indéanta é sprioc aeráide mhéadaithe de laghdú 55 % ar a laghad ar na glanastaíochtaí gás ceaptha teasa a bhaint amach in 2030, agus go gcumasófaí léi conair réidh i dtreo na haeráidneodrachta in 2050.* Cuirtear i dtábhacht leis freisin an gá chun dlús a chur le laghduithe ar na hastaíochtaí meatáin.' (béim curtha leis) (lch. 2)

---

3 Breithiúnas an 11 Meitheamh 1991, *An Coimisiún v An Chomhairle, (Dé-ocsaíd tíotáiniam)*, C-300/89, AE:C:1991:244, mír 10.

4 Ibid. mír 30 agus breithiúnas an 22 Deireadh Fómhair 2013, *an Coimisiún v. an Chomhairle*, C-137/12, AE:C:2013:675, mír 53 agus an cásdlí a luaitear.

5 Breithiúnas '*Dé-ocsaíd tíotáiniam*', C-300/89, thuasluaite, míreanna 13 agus17; breithiúnas an 23 Feabhra 1999, *an Pharlaimint v an Chomhairle*, C-42/97, AE:C:1999:81, mír 38; Tuairim ón gCúirt an 6 Nollaig 2001; ('*Prótacal Cartagena*'), 2/00; AE:C:2001:664; mír 23; breithiúnas an 10 Eanáir 2006, *an Coimisiún v an Chomhairle ('Coinbhinsiún Rotterdam')*, C-94/03, AE:C:2006:2 agus breithiúnas an 10 Eanáir 2006, *an Coimisiún v an Pharlaimint agus an Chomhairle*, C-178/03, AE:C:2006:4, míreanna 36 agus 43.

6 Breithiúnas '*Dé-ocsaíd tíotáiniam*', C-300/89, thuasluaite, míreanna 17-21.



PUBLIC

4. Tugann sé le fios freisin go ‘dtugann [a]*n Painéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide (IPCC) dá aire nach mór laghduithe géara ar na hastaíochtaí meatáin a bhaint amach faoi 2030 le go bhfanfadh an domhan faoi bhun na sprice 1.5°C (nó faoi bhun na sprice 2°C fiú) don teocht dhomhanda faoi 2050. Cuirtear i dtábhacht sa tuarascáil is déanaí ó IPCC an ról atá ag an meatán mar cheann de na príomhgháis ceaptha teasa atá freagrach as an athrú aeráide. Leagtar amach sa tuarascáil go bhfuil leibhéil an mheatáin níos airde anois ná riamh agus i bhfad os cionn na leibhéal astaíochta atá ag luí leis an téamh a theorannú go 1.5 °C. Dá bhrí sin, tá gá le laghdú géar, tapa agus marthanach in astaíochtaí meatáin chun an téamh domhanda a laghdú agus cáilíocht an aeir a fheabhsú. Tá sé tábhachtach a thabhairt dár n-aire gurb é conclúid na tuarascála gurb í gníomhaíocht an duine is cúis leis an méadú ar an méid meatáin atá san atmaisféar agus gur tháinig méadú ar na hastaíochtaí meatáin ó bhí 2007 ann ar a laghad i ngeall ar na breoslaí iontaise i dteannta na talmhaíochta (beostoc den chuid is mó) agus an fhuíolluisce. Tugtar le fios leis an measúnú tionchair sa Phlean um Sprioc Aeráide 2030 gurb in earnáil an fhuinnimh is féidir na coigiltis astaíochtaí meatáin is costéifeachtaí a bhaint amach san Aontas Eorpach.*’ (béim curtha leis) (lch. 1)

5. De réir an mheabhráin mhíniúcháin (leathanach 2, fomhír 2), [i]*s é cuspóir ginearálta an Rialacháin, i gcomhthéacs fheidhmiú mhargadh inmheánach an fhuinnimh agus slándáil an tsoláthair fuinnimh san Aontas á háirithiú*, *an comhshaol a chaomhnú agus a fheabhsú trí astaíochtaí meatáin ón bhfuinneamh iontaise a tháirgtear nó a ídítear san Aontas a laghdú*.’ (béim curtha leis)

6. Léirítear an aidhm sin le haithrisí an Rialacháin atá beartaithe. Mínitear le haithris 1 gurb é [m]*eatán an phríomh-chomhpháirt atá sa ghás nádúrtha, agus tá sé ar an dara gás is mó, seachas dé-ocsaíd charbóin, a chuireann leis an athrú aeráide agus is é is cúis le timpeall aon trian den téamh atá ag tarlú faoi láthair*.’ Dá bhrí sin, mar a chuirtear in iúl in aithris 68, is é cuspóir an Rialacháin seo ‘ *tomhas cruinn, tuairisciú, fíorú agus laghdú ar astaíochtaí meatáin in earnáil an fhuinnimh a bhaint amach*’.

PUBLIC

7. Baineann roinnt mhaith aithrisí eile, cuid acu ar bhealach níos dírí ná an chuid eile, le cúrsaí comhshaoil:

– aithris 3: *'De réir na meastachán is déanaí ó Chlár Comhshaoil na Náisiún Aontaithe agus ón gComhghuaillíocht Aeráide agus Aer Glan, le laghduithe 45 % ar astaíochtaí meatáin faoi 2030, ar bhonn na mbeart spriocdhírithe infhaighte agus na mbeart breise i gcomhréir le spriocanna forbartha tosaíochta na Náisiún Aontaithe ('NA'), d'fhéadfaí 0,3 C den téamh domhanda a chosc faoi 2045.'*

– aithris 6: '*Áirítear astaíochtaí meatáin le raon feidhme spriocanna an Aontais do laghduithe ar gháis cheaptha teasa do 2030 a leagtar amach sa Dlí Aeráide Eorpach, agus sna spriocanna náisiúnta ceangailteacha chun astaíochtaí a laghdú de réir Rialachán (AE) 2018/842. Níl aon chreat dlíthiúil ann ar leibhéal an Aontais faoi láthair áfach, ina leagtar amach bearta sonracha chun astaíochtaí meatáin antraipigineacha in earnáil an fhuinnimh a laghdú. Ina theannta sin, cé go gcumhdaítear astaíochtaí meatáin ó scagadh na hola mianraí agus an gháis i dTreoir 2010/75 maidir le hastaíochtaí tionsclaíocha, ní chumhdaítear gníomhaíochtaí eile in earnáil an fhuinnimh.'*

– aithris 18: '*Mar pháirtí le Creat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide (UNFCCC) agus le Comhaontú Pháras, ní mór don Aontas tuarascáil fardail ar astaíochtaí antraipigineacha gáis ceaptha teasa a chur ar fáil go bliantúil arb é a bheidh ann comhiomlánú d'fhardail náisiúnta ghás ceaptha teasa na mBallstát, arna n-ullmhú le modheolaíochtaí dea-chleachtais is inghlactha leis an bPainéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide (IPCC).'*

– aithris 20: *'Cuirtear na sonraí tíre arna dtuairisciú de bhun fhorálacha tuairiscithe UNFCCC faoi bhráid rúnaíocht UNFCCC i gcomhréir le leibhéil tuairiscithe éagsúla i gcomhréir le treoirlínte IPCC. Sa chomhthéacs sin, is iondúil go molann IPCC modhanna leibhéal níos airde a úsáid le haghaidh na bhfoinsí astaíochtaí sin a imríonn tionchar suntasach ar fhardal gás ceaptha teasa iomlán tíre i dtéarmaí dearbhleibhéil, treochta nó neamhchinnteachta.'*

PUBLIC

– aithris 26: *'Cuireann an Rialachán seo le Creat OGMP 2.0 a mhéid a shásaíonn sé na critéir dá dtagraítear in Aithrisí 24 agus 25, chun rannchuidiú le bailiú sonraí iontaofa agus láidre a bheadh mar bhonn leordhóthanach le faireachán a dhéanamh ar astaíochtaí meatáin agus más gá chun gníomhaíocht bhreise a thógáil chun tuilleadh srianta a chur le hastaíochtaí meatáin.'*

– aithris 52: *'Is iarmhairtí trasteorann iad na hiarmhairtí téimh dhomhanda arb iad astaíochtaí meatáin is cúis leo'.*

8. Ó thaobh an <u>inneachair</u> de, leagtar síos sa Rialachán atá beartaithe rialacha maidir le hastaíochtaí meatáin san earnáil fuinnimh san Aontas a thomhas, a thuairisciú agus a fhíorú go beacht, rialacha maidir leis na hastaíochtaí sin a laghdú trí shuirbhéanna éigeantacha maidir le sceitheadh a bhrath agus a dheisiú agus maidir le srianta ar scaoileadh agus bladhmadh, agus chun trédhearcacht a áirithiú i leith astaíochtaí meatáin a bhaineann le fuinneamh iontaise a allmhairítear isteach san Aontas. Maidir leis an raon feidhme ábhartha, tá feidhm ag an Rialachán atá beartaithe maidir le hastaíochtaí meatáin in earnálacha na hola, an gháis agus an ghuail. (Airteagal 1 'Ábhar agus raon feidhme').

9. Cuireann an Rialachán atá beartaithe le trí cholún na Teachtaireachta ón gCoimisiún maidir le straitéis an Aontais chun astaíochtaí meatáin[7] a laghdú:

a) Forchuirtear leis oibleagáidí tomhais, tuairiscithe agus fíoraithe (MRV) ar gach foinse astaíochtaí meatáin i gcomhpháirteanna earnáil fuinnimh an Aontais (Airteagail 12, 20 agus 25) faoina n-oibríochtaí.

b) Forchuirtear leis oibleagáidí maidir le hastaíochtaí meatáin a mhaolú agus faireachán a dhéanamh orthu (Airteagail 13, 21 agus 26):

  – Tá oibreoirí an Aontais le suirbhéanna braite agus deisithe sceití a dhéanamh ar na comhpháirteanna ábhartha uile go minic (Airteagal 14(1) go (3));

  – Oibleagáid maidir le deisiú láithreach nó a luaithe is féidir (Airteagal 14(4));

[7] COM(2020)633



PUBLIC

– Oibleagáid chun faireachán leanúnach a dhéanamh ar chomhpháirteanna ligeacha (Airteagal 14(5) go (7));

– Cosc ar scaoileadh agus ar ghnáthbhladhmadh, ach amháin i gcúinsí eisceachtúla (Airteagail 15 go 17, 22, 23 agus 26(2));

– Oibleagáid ar na Ballstáit pleananna maolaithe a fhorbairt agus a chur chun feidhme le haghaidh toibreacha neamhghníomhacha agus astaíochtaí a laghdú láithreach trí sceití a bhrath agus a dheisiú ar bhonn éigeantach agus trí scaoileadh agus trí bhladhmadh a chosc (Airteagail 18 agus 26).

c) Cuirtear ar aghaidh ann ionstraimí éagsúla chun faisnéis a fheabhsú maidir le hastaíochtaí meatáin a bhaineann le fuinneamh iontaise allmhairithe:

– Oibleagáid ar allmhaireoirí faisnéis a chur ar fáil maidir le bearta faireacháin, tuairiscithe agus fíoraithe agus maolaithe [Caibidil 6, Airteagal 27];

– Bunachar sonraí trédhearcachta meatáin le haghaidh faisnéis faoi oibleagáidí tuairiscithe idirnáisiúnta na dtíortha onnmhairithe [Caibidil 6, Airteagal 28];

– An Fhaireachlann um Astaíochtaí Meatáin Idirnáisiúnta [Caibidil 2, Airteagal 10];

– Uirlis faireacháin dhomhanda chun méid, atarlú agus suíomh astaírí meatáin a léiriú [Caibidil 6, Airteagal 29];

– Idirphlé déthaobhach le tíortha a tháirgeann fuinneamh iontaise ag a bhfuil astaíochtaí meatáin níos airde [Caibidil 6, Airteagal 29].

10. De réir a aidhme agus a inneachair, mar is léir ón bhfoclaíocht iarbhír, baineann an Rialachán atá beartaithe, dá bhrí sin, le laghdú ar astaíochtaí meatáin in earnáil an fhuinnimh ar fud an Aontais de bharr thionchar na n-astaíochtaí meatáin sin ar an aeráid, go háirithe i gcomhthéacs na héigeandála aeráide agus sprioc aeráidneodrachta an Aontais.

PUBLIC

## III. MEASÚNÚ DLÍTHIÚIL

11. Léirítear san anailís i míreanna 3 go 10 thuas, go bhfuil sé ceaptha go mbeidh an Rialachán atá beartaithe ina rannchuidiú le hastaíochtaí meatáin in earnáil an fhuinnimh a laghdú agus le bheith rannpháirteach i gcomhrac an athraithe aeráide, go háirithe i gcomhthéacs na héigeandála aeráide agus sprioc aeráidneodrachta an Aontais. Is léir, dá bhrí sin, gurb é príomhchuspóir an Rialacháin atá beartaithe rannchuidiú leis an athrú aeráide a chomhrac, ar cuspóir é atá ar cheann de phríomhchuspóirí an bheartais comhshaoil faoi Airteagal 191 CFAE.

12. Is é bunús dlí an chomhshaoil, Airteagal 192(1) CFAE, an príomhbhunús dlí chun cinneadh a dhéanamh maidir leis an ngníomhaíocht a bheidh le déanamh ag an Aontas chun na cuspóirí dá dtagraítear in Airteagal 191 CFAE a bhaint amach, i.e. cáilíocht an chomhshaoil a chaomhnú, a chosaint agus a fheabhsú, sláinte an duine a chosaint, acmhainní nádúrtha a úsáid ar bhealach stuama réasúnach, bearta a chur chun cinn ar an leibhéal idirnáisiúnta chun déileáil le fadhbanna comhshaoil réigiúnacha nó domhanda, agus go háirithe an t-athrú aeráide a chomhrac. Mar a luaigh an Chúirt Bhreithiúnais, le hAirteagal 192(1) CFAE '*féachtar le ról a thabhairt don Aontas Eorpach i gcaomhnú an chomhshaoil agus i gcomhrac an athraithe aeráide*'[8].

13. Cé nach bhfuil aon amhras ann go bhféadfadh sé go mbeadh tionchar ar fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh fuinnimh ag baint le hoibleagáidí a fhorchur ar na Ballstáit faisnéis faoi astaíochtaí meatáin a thomhas, a mhaolú agus a fheabhsú, mar sin féin, is é cuspóir sonrach an Rialacháin atá beartaithe cur ar chumas an Aontais Eorpaigh an sprioc a shaothrú maidir leis an athrú aeráide a chomhrac agus aeráidneodracht a bhaint amach, más rud é gurb amhlaidh nach bhfuil ach gás amháin eile, dé-ocsaíd charbóin, a chuireann leis an athrú aeráide níos mó ná meatáin ar an iomlán agus gurb amhlaidh gurb é is cúis leis an tríú cuid den téamh domhanda reatha. Ós rud é go bhfuil an Rialachán atá beartaithe teoranta don earnáil fuinnimh nó go bhfuil tionchar aige ar an margadh fuinnimh, ní féidir tátal a bhaint as sin gur féidir é a mheas láithreach mar bheart beartais fuinnimh de réir bhrí Airteagal 194 CFAE[9].

---

[8] Breithiúnas an 21 Meitheamh 2018, C-5/16, *an Pholainn v Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle*, EU:C:2018:483, mír 43.

[9] Ar an dul céanna, féach réasúnaíocht na Cúirte Breithiúnais ina breithiúnas an 6 Bealtaine 2014, *an Coimisiún v an Pharlaimint agus an Chomhairle*, C- 43/12, EU:C:2014:298.



PUBLIC

14. Leis an scrúdú a rinneadh thuas ar aidhm agus ar inneachar an Rialacháin atá beartaithe, deimhnítear go soláthraítear leis na hoibleagáidí faireacháin, tuairiscithe agus maolaithe na modhanna chun an cuspóir maidir le comhrac an athraithe aeráide a shaothrú. Dá bhrí sin, is é Airteagal 192(1) CFAE an bunús dlí ceart leordhóthanach don Rialachán atá beartaithe toisc go mbaineann a aidhm agus a inneachar araon go príomha le cuspóirí beartais comhshaoil an Aontais. I ndáil leis an méid sin, tugtar faoi deara freisin nach gcuireann an Rialachán atá beartaithe cosc ar na Ballstáit tuilleadh a dhéanamh chun cuspóirí maidir le cosaint an chomhshaoil a shaothrú, de bhun Airteagal 193 CFAE[10].

15. Mar sin féin, bhunaigh an Coimisiún an Rialachán atá beartaithe ar Airteagal 194(2) CFAE. Is bunús dlí í an fhoráil sin do na bearta is gá chun na cuspóirí beartais fuinnimh a leagtar amach in Airteagal 194(1) a bhaint amach, ar bearta iad lena bhforáiltear:

*'I gcomhthéacs bhunú agus oibriú an mhargaidh inmheánaigh agus ag féachaint don ghá atá ann an comhshaol a chaomhnú agus a fheabhsú, beidh sé d'aidhm ag beartas an Aontais maidir le fuinneamh, de mheon dlúthpháirtíochta idir na Ballstáit: (a) oibriú an mhargaidh fuinnimh a áirithiú; (b) slándáil an tsoláthair fuinnimh san Aontas a áirithiú; (c) an tíosacht agus an bharainn ar an bhfuinneamh a chur chun cinn mar aon le forbairt foirmeacha nua, inathnuaite fuinnimh; agus (d) idirnascadh na ngréasán fuinnimh a chur chun cinn.'*

16. Tugtar údar le húsáid Airteagal 194 CFAE ar leathanach 5 leis an meabhrán míniúcháin mar seo a leanas:

'*Is é Airteagal 194(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) an bunús dlí leis an tionscnamh seo, lena gcumhachtaítear an tAontas na bearta a bhunú is gá chun cuspóirí an Aontais maidir le beartas fuinnimh a bhaint amach. Ní bhaineann an togra ach le hearnáil an fhuinnimh, agus cuireann sé le cuspóirí beartais fuinnimh an Aontais faoi mar a dtugtar achoimre orthu in Airteagal 194(1), go háirithe feidhmiú an mhargaidh fuinnimh trí rialacha faireacháin, tuairiscithe agus laghdaithe maidir leis an meatán a chomhchuibhiú, rud a chuireann leis an gcomhshaol a chaomhnú agus a fheabhsú.*'

17. Tá dhá chuspóir leis an réasúnú maidir le rogha an bhunúis dlí a thugtar sa mheabhrán míniúcháin: ar an gcéad dul síos, d'áiritheofaí leis an togra feidhmiú an mhargaidh fuinnimh faoi Airteagal 194(1)(a) trí rialacha faireacháin, tuairiscithe agus laghdaithe maidir le meatán a chomhchuibhiú agus, ar an dara dul síos, tá sé teoranta don earnáil fuinnimh.

[10] Féach mar shampla aithris 33, ina dtagraítear do chomhchuibhiú íosta.



PUBLIC

18. A mhéid a bhaineann leis an gcéad réasúnú, ba cheart a chur in iúl nach bhfuil aon tagairt d'fheidhmiú an mhargaidh fuinnimh in aon aithris ná in aon Airteagal den Rialachán atá beartaithe. Is in aithris 52 amháin atá tagairt do ghné trasteorann, *'is iarmhairtí trasteorann iad na hiarmhairtí téimh dhomhanda arb iad astaíochtaí meatáin is cúis leo'*. Os a choinne sin, is léir ón anailís a rinneadh ar aidhm agus ar inneachar an togra go dtugtar aghaidh ann ar laghduithe ar astaíochtaí meatáin i gcomhthéacs an athraithe aeráide. Tá éifeachtaí coimhdeacha aige ar fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh fuinnimh.

PUBLIC

19. Is fíor go leasaítear le hAirteagal 34 den Rialachán atá beartaithe Airteagal 15 de Rialachán (AE) 2019/942[11] maidir le ACER, atá bunaithe ar Airteagal 194(2) CFAE, tríd an mír 5 seo a leanas a chur leis:

'*5. Gach 3 bliana, bunóidh ACER tacar táscairí agus luachanna tagartha comhfhreagracha a bhunú agus a chur ar fáil go poiblí le comparáid a dhéanamh idir na costais aonaid infheistíochta a bhaineann le hastaíochtaí meatáin a thomhas, a thuairisciú agus a laghdú le haghaidh tionscadail inchomparáide. Eiseoidh sí moltaí maidir le táscairí agus luachanna tagartha le haghaidh costais aonaid infheistíochta chun na hoibleagáidí faoin* [Rialachán seo] *a chomhlíonadh de bhun Airteagal 3 den* [Rialachán seo]*'*.

Is ionann an fhoráil seo agus Airteagal 3 den Rialachán atá beartaithe lena gceanglaítear ar údaráis rialála na costais arna dtabhú agus na hinfheistíochtaí arna ndéanamh a chur san áireamh chun na hoibleagáidí faoin Rialachán atá beartaithe a chomhlíonadh agus taraifí tarchurtha nó dáileacháin nó na modheolaíochtaí a ghabhann leo a shocrú nó a fhormheas.

20. Mar sin féin, is forálacha coimhdeacha iad na forálacha sin, lena gcinntear conas na costais a bhaineann leis na bearta atá le déanamh a mhaoiniú, ar bearta iad chun astaíochtaí meatáin a laghdú, agus níl bunús dlí ar leith i gcomhair cúrsaí fuinnimh ag teastáil ina leith.

---

11 IO L 158, 14.6.2019, lgh. 22–53.

21. A mhéid a bhaineann leis an dara réasúnú, cé go mbaineann na bearta iad féin le hearnáil an fhuinnimh, is é príomhchuspóir an togra rannchuidiú le comhrac an athraithe aeráide trí astaíochtaí meatáin a laghdú in earnáil na hola, an gháis agus an ghuail. An bhaint atá ag inneachar na mbeart le fuinneamh, is gné dhílis é sin de chineál chomhrac an athraithe aeráide, lena n-éilítear gníomhaíocht i roinnt réimsí chun a áirithiú go laghdófar astaíochtaí gáis. I gcásanna den sórt sin, maidir leis na bunúis dlí a bhaineann leis an réimse beartais ábhartha, dá n-úsáidfí iad go córasach nó dá gcuirfí leis an mbunús don chomhshaol iad go córasach, d'fhágfaí an bunús dlí don chomhshaol, agus go sonrach an cuspóir maidir le comhrac an athraithe aeráide, in éagmais aon chuspóra[12]. Is é sin an seasamh atá glactha cheana ag Seirbhís Dlí na Comhairle maidir leis an gCiste Aeráide Sóisialta[13].

PUBLIC

22. I gcomhréir leis an réasúnaíocht sin, léirítear i mír 2 d'Airteagal 194 CFAE go bhfuil an fhoráil seo le húsáid mar bhunús dlí *'gan dochar do chur i bhfeidhm fhorálacha eile na gConarthaí'*.

23. Sa chomhthéacs sin, is fiú a thabhairt faoi deara gur glacadh rialacha an Aontais maidir le faireachán, tuairisciú agus fíorú a dhéanamh ar astaíochtaí CO2 san earnáil mhuirí, Rialachán (AE) 2015/757[14], ar bhonn Airteagal 192(1) maidir leis an mbeartas comhshaoil. Cé nach mbaineann siad ach leis an earnáil mhuirí, níor glacadh na rialacha sin trí úsáid a bhaint as bunús dlí an iompair a leagtar amach in Airteagal 100(2) CFAE.

---

**12** Féach, ar an dul céanna, Tuairim 2/00, '*Prótacal Cartagena*', a luaitear thuas, mír 40, *'Go bunúsach, d'fhágfadh léirmhíniú an Choimisiúin, dá nglacfaí leis, go mbeadh forálacha sonracha an Chonartha a bhaineann le beartas cosanta an chomhshaoil gan substaint den chuid is mó, ós rud é, a luaithe a dhéanfaí a shuí go bhféadfadh tionchar a bheith ag gníomhaíocht Chomhphobail ar thrádáil, gur ghá an comhaontú atá beartaithe a chur i gcatagóir na gcomhaontuithe a thagann faoin mbeartas tráchtála. Ba cheart a thabhairt ar aird go dtagraítear go sainráite do bheartas comhshaoil in Airteagal 3(1)(l) CE, ar an mbealach céanna leis an gcomhbheartas tráchtála, dá ndéantar tagairt in Airteagal 3(1)(b)'.*

**13** Féach fonóta 25 sa Tuairim ó Sheirbhís Dlí na Comhairle, 7007/22.

**14** IO L 123, 19.5.2015, lch. 55.

24. Fágann sin nach é Airteagal 194(2) CFAE, arna mholadh ag an gCoimisiún, an bunús dlí ceart don Rialachán atá beartaithe. Ós rud é, leis an Rialachán seo atá beartaithe, go saothraítear aidhm chomhshaoil den chuid is mó agus nach saothraítear go comhuaineach roinnt cuspóirí atá fite fuaite ina chéile, gan ceann amháin acu a bheith tánaisteach ná neamhdhíreach i ndáil leis an gceann eile, is leor Airteagal 192(1) CFAE a úsáid agus ní gá aon bhunús dlí eile.

## IV. <u>CONCLÚIDÍ</u>

25. Mar chonclúid, is é seo a leanas tuairim Sheirbhís Dlí na Comhairle:

25. Is beart é an Rialachán atá beartaithe arb é is aidhm dó na cuspóirí comhshaoil a leagtar amach in Airteagal 191 CFAE a bhaint amach, go háirithe maidir le cáilíocht an chomhshaoil a chaomhnú, a chosaint agus a fheabhsú agus maidir leis an athrú aeráide a chomhrac;

26. dá bhrí sin, is beart comhshaoil é an Rialachán atá beartaithe lena gcumhdaítear astaíochtaí meatáin in earnáil an fhuinnimh agus is é Airteagal 192(1) CFAE an bunús dlí ceart leordhóthanach lena ghlacadh.

27. Ní hé Airteagal 194(2) CFAE, arna mholadh ag an gCoimisiún, an bunús dlí ceart don Rialachán atá beartaithe.

PUBLIC